Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9514/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0130 (NLE)**

**ECOFIN 638**
**UEM 174**
**FIN 718**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 256 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 256 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 256 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.5.2026
COM(2026) 256 final

2026/0130 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge**

{SWD(2026) 134 final}

GA GA

2026/0130 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Bheilg an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme[2] (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021’). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 10 Nollaig 2024[4], an 18 Feabhra 2025[5], an 11 Márta 2025[6], an 20 Meitheamh 2025[7], an 8 Iúil 2025[8] agus an 13 Samhain 2025[9].

(2) An 20 Márta 2026, rinne an Bheilg iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an mBeilg.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
2 Féach na doiciméid ST 10161/21 INIT, ST 10161/21 ADD 1..
3 Féach na doiciméid ST 15570/23 INIT, ST 15570/23 ADD 1..
4 Féach na doiciméid ST 15974/24 INIT, ST 15974/24 ADD 1..
5 Féach na doiciméid ST 5654/25 INIT, ST 5654/25 ADD 1..
6 Féach na doiciméid ST 6545/25 INIT, ST 6545/25 ADD 1..
7 Féach na doiciméid ST 9584/25 INIT, ST 9584/25 ADD 1..
8 Féach na doiciméid ST 10529/25 INIT, ST 10529/25 ADD 1..
9 Féach na doiciméid ST 14449/25 INIT, ST 1445225/25 ADD 1..

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Bheilg isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 39 bheart.

(4) Tá mínithe ag an mBeilg go bhfuil beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar go ndearnadh athchóiriú ar theaghaisí i réigiún na Bruiséile cheana i gcomhthéacs róghnóthachtáil Sprioc 5. Dá thoradh sin tá na gníomhaíochtaí a beartaíodh ar dtús faoi Sprioc 6 críochnaithe agus tá cuntas tugtha orthu faoi sprioc 5 sa chaoi go bhfuil sprioc 6 iomarcach. Baineann an méid sin le sprioc 6 den infheistíocht 'Athchóiriú ar theaghaisí' (I-1A). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an mBeilg go ndéanfaí an beart sin a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an mBeilg nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar riosca go mbeadh forluí ann idir é agus bearta eile. Baineann an méid sin le sprioc 71 den infheistíocht 'Ardán réigiúnach maidir le malartú sonraí Réigiún Phríomhchathair na Bruiséile' (I-2.10). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an mBeilg go ndéanfaí an beart sin a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an mBeilg go bhfuil naoi mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann an méid sin leis an tuairisc ar chloch mhíle 52 den infheistíocht 'Digiteáil IPSS/OISZ' (I-2.04), leis an tuairisc ar chloch mhíle 53 den infheistíocht 'Digiteáil IPSS/OISZ' (I-2.04) (fobheart 3), leis an tuairisc ar chloch mhíle 55b den infheistíocht 'Digiteáil Sheirbhís Phoiblí na Cónaidhme' (I-2.05bis)), leis an tuairisc ar chloch mhíle 65 den infheistíocht 'Digiteáil ONE' (I-2.07), leis an tuairisc ar sprioc 73 den infheistíocht 'Digiteáil na bpróiseas idir saoránaigh agus gnólachtaí' (I-2.11),leis an tuairisc ar spriocanna 115 agus 115b den infheistíocht 'An flít busanna a ghlasú' (I-3G), leis an tuairisc ar sprioc 152 den Infheistíocht 'Tithíocht fóntais phoiblí agus tithíocht do dhaoine leochaileacha a fhorbairt' (I-4.12), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Taighde agus forbairt: Íoslaghdú dramhaíola le linn díchóimeála' (I-5.10) agus ar chloch mhíle 185 den infheistíocht 'Taighde agus forbairt: Íoslaghdú dramhaíola le linn díchóimeála (I-5.10), leis an tuairisc ar spriocanna 190 agus 191 den infheistíocht 'Bia a athlonnú agus ardán lóistíochta a fhorbairt' (I-5.12), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Digitiú earnáil turasóireachta na Vallúine' (I-5.13), agus ar sprioc 192 den infheistíocht 'Digitiú earnáil turasóireachta na Vallúine' (I-5.13). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an mBeilg go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tá mínithe ag an mBeilg go bhfuil 25 bheart leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin leis an tuairisc ar an infheistiú 'Athchóirithe ar thithíocht shóisialta Réigiún Phríomhchathair na Bruiséile (I-1.02), agus ar sprioc 7 den infheistíocht 'Athchóirithe ar theaghaisí Réigiún Phríomhchathair na Bruiséile (I-1.02), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Athchóirithe foirgneamh' (I-1B), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh i Réigiún Fhlóndras' (I-1.05) agus ar sprioc 13 den infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh i Réigiún Fhlóndras' (I-1.05) leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh - údaráis áitiúla agus spórt i Réigiún na Vallúine (I-1.07) agus ar sprioc 14bis den infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh - údaráis áitiúla agus spórt i Réigiún na Vallúine (I-1.07), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh i Réigiún Phríomhchathair na Bruiséile' (I-1.08) agus ar sprioc 14bis den infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh i Réigiún

Phríomhchathair na Bruiséile' (I-1.08), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh i gComhphobal na Fraincise i réimsí an oideachais, an spórt, an aosa óg agus an chultúir' (I-1.09) agus ar sprioc 14 den infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh i gComhphobal na Fraincise i réimsí an oideachais, an spórt, an aosa óg agus an chultúir' (I-1.09), leis an tuairisc ar chloch mhíle 20 den infheistíocht 'Slabhra luacha tionsclaíoch le haghaidh aistriú hidrigine' (I-1.15), an tuairisc ar spriocanna 37 agus 39 den infheistíocht 'Bithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide' i Réigiún na Vallúine; (I-1.22), leis an tuairisc ar sprioc 252 den infheistíocht 'An Clár um Athbhunú an Dúlra Mhuirí' (I-1.25), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Cibearshlándáil: clár idircheaptha NTSU/CTIF' (I-2.03) agus ar chloch mhíle 50 'Cibearshlándáil: clár idircheaptha NTSU/CTIF' (I-2.03), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Digiteáil Sheirbhís Phoiblí na Cónaidhme' (I-2.05) agus ar chlocha míle 55, 58, agus 60 den infheistíocht 'Digiteáil Sheirbhís Phoiblí na Cónaidhme' (I-2.05), leis an tuairisc ar chloch mhíle 69 den infheistíocht 'Digiteáil Rialtas Fhlóndras (I-2.09), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Institiúid intleachta saorga a fhorbairt chun an teicneolaíocht sin a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha' (I-2.14) agus ar sprioc 83 den infheistíocht 'Institiúid intleachta saorga a fhorbairt chun an teicneolaíocht sin a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha' (I-2.14), leis an tuairisc ar sprioc 100 den infheistíocht 'An t-iompar poiblí a fheabhsú sa Vallúin,' (I-3B), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Stóráil, anailísiú agus léirshamhlú sonraí soghluaisteachta ar ardán digiteach' (I-3D) agus ar sprioc 108 den infheistíocht 'Stóráil, anailísiú agus léirshamhlú sonraí soghluaisteachta ar ardán digiteach' (I-3D), leis an tuairisc ar an athchóiriú 'Creat faireacháin astaíochtaí feithiclí Fhlóndras a fheabhsú' (R-3.07), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Iarnród – líonra éifeachtúil an Stáit Chónaidhme' (I-3.10), leis an tuairisc ar an athchóiriú 'Gníomhartha dlí chun luathfhágáil na scoile agus neamhláithreacht scoile a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar eisiaimh bhuana' (R-4.03) agus ar chloch mhíle 129 den athchóiriú 'Gníomhartha dlí chun luathfhágáil na scoile agus neamhláithreacht scoile a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar eisiaimh bhuana' (R-4.03), leis an tuairisc ar an athchóiriú 'Deireadh gairmré agus pinsin an Stáit Chónaidhme' (R-4.07), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Campas Bith-theicneolaíochta AE Réigiún na Vallúine' (I-5.02) agus ar chloch mhíle 161 den infheistíocht 'Campas Bith-theicneolaíochta AE Réigiún na Vallúine' (I-5.02), leis an tuairisc ar spriocanna 160 agus 163 den infheistíocht 'Bonneagar ardoiliúna a uasghrádú' (I-5.03), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil' (I-5.07) agus leis an tuairisc ar sprioc 171 den infheistíocht 'Foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil' (I-5.07), leis an tuairisc ar an infheistíocht 'Taighde agus forbairt: Íoslaghdú dramhaíola le linn díchóimeála an Stáit Cónaidhme' (I-5.10) agus ar chloch mhíle 185 den infheistíocht 'Taighde agus forbairt: Íoslaghdú dramhaíola le linn díchóimeála an Stáit Cónaidhme' I-5.10), leis an tuairisc ar an athchóiriú 'Athbhreithniú ar an gcód maidir le haer, aeráid agus fuinneamh — RBC' (R-7.01) agus cloch mhíle 211 den athchóiriú 'Athbhreithniú ar an gcód maidir le haer, aeráid agus fuinneamh — RBC' (R-7.01) agus ar chloch mhíle 220 den infheistíocht 'Ardán taighde um aistriú fuinnimh' de chuid Chomhphobal na Fraincise' (I-7.11). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an mBeilg go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an mBeilg gur leasaíodh beart amháin de bharr deacrachtaí teicniúla nach raibh coinne leo. De bharr ganntanais i margadh an tsaothair agus éilimh mhóir ar sheirbhísí fochonraitheoirí chun líonraí snáithín a shuiteáil, níorbh fhéidir leis an gconraitheoir líon leordhóthanach oibrithe a shlógadh chun na hoibreacha a chríochnú

in am. Baineann an méid sin le sprioc 84 den infheistíocht 'Feabhas a chur ar nascacht 35 pháirc ghnó sa Vallúin' (I-2.15). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an mBeilg go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Tar éis sprioc 71 den infheistíocht 'Ardán réigiúnach maidir le malartú sonraí Réigiún Phríomhchathair na Bruiséile' (I-2.10) agus sprioc 6 den infheistíocht 'Athchóirithe ar theaghaisí' (I-1A) a bhaint i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an mBeilg go laghdófaí leibhéal a gcur chun feidhme. Fritháirítear an laghdú sin le hardú ar leibhéal cur chun feidhme dhá bheart. Baineann an méid sin le sprioc 261 'Scéim fóirdheontais fuinnimh fheabhsaithe Réigiún na Bruiséile' (I-7.01) agus le sprioc 262 'Athchóiriú thithíocht shóisialta Réigiún Phríomhchathair na Bruiséile' (I-1.02). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an mBeilg go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(10) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Bheilg i láthair a chur san áireamh.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(11) Sainaithníodh 14 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do naoi gcloch mhíle, do chúig sprioc agus do 15 bheart faoi naoi gcomhchuid. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun an earráid chléireachais sin a cheartú, earráid nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Bheilg. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc ar chloch mhíle 26 den infheistíocht 'Slabhra luacha tionsclaíoch le haghaidh aistriú hidrigine' (I-1.17) faoi chomhchuid 1.2, leis an tuairisc ar sprioc 40 den infheistíocht 'Díbhloghadh éiceolaíoch' (I-1.23) faoi chomhchuid 1.3, leis an tuairisc ar sprioc 43 den infheistíocht 'An Comhaontú Gorm' (I-1.24) faoi chomhchuid 1.3, leis an tuairisc ar an mbeart 'Stáisiún luchtaithe' (I-3F) faoi chomhchuid 3.3, leis an tuairisc ar chloch mhíle 106 agus sprioc 107 den infheistíocht 'Canáil Albert agus Trilogiport' (I-3.11) faoi chomhchuid 3.2, leis an tuairisc ar chloch mhíle 139 den athchóiriú ' Straitéis athcháiliúcháin' (R-4.05) faoi chomhchuid 4.1, leis an tuairisc ar sprioc 166 'Straitéis chun an margadh saothair a athsheoladh dírithe ar éifeachtúlacht agus barrfheabhsú na mbeartas gníomhaíochtaithe agus oiliúna (I-5.05) faoi chomhchuid 5.1, leis an tuairisc ar an mbeart 'Instealladh cothromais in Participatiemaatschappij Vlaanderen (PMV) chun tacú le cuideachtaí atá gníomhach i réimse na bith-theicneolaíochta' (I-5.19) faoi chomhchuid 5.2, leis an tuairisc ar chlocha míle 257 agus 258 den infheistíocht 'Instealladh caipitil i gCosaint SFPIM an Stáit Cónaidhme' (I-5.20) faoi chomhchuid 5.2, leis an tuairisc ar chloch mhíle 259 den infheistíocht 'Beart méadaithe: Instealladh caipitil i gCosaint SFPIM an Stáit Cónaidhme' (I-5.21) faoi chomhchuid 5.2, leis an tuairisc ar an mbeart 'Athchóiriú tithíochta sóisialta – Réigiún na Vallúine' (I-7.04) faoi chomhchuid 7.1, leis an tuairisc ar sprioc 216 den infheistíocht ' Bearta fuinnimh-aeráide i bhfoirgnimh phoiblí – An stát feidearálach' (I-7.05) faoi chomhchuid 7.1 agus leis an tuairisc ar chloch mhíle 234 den infheistíocht 'Dáileadh fuinnimh a bharrfheabhsú' (I-7.17) faoi chomhchuid 7.3. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(13) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bheilg chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241 pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (i), (j), agus (k).

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 45,60 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe agus 70,32 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(15) Tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur go mór leis an aistriú glas. Tá méadú tagtha ar rannchuidiú glas an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe 45,41 % go 45,60 % i gcomparáid le measúnú leasaithe an 13 Samhain 2025.

(16) Bhí an méadú ina thoradh ar an ardú ar leibhéal uaillmhéine dhá bheart, mar atá infheistíocht I-1.02 'Athchóiriú thithíocht shóisialta Réigiún Phríomhchathair na Bruiséile' agus infheistíocht I-7.01 'Scéim fóirdheontais fuinnimh fheabhsaithe Réigiún na Bruiséile'.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 26,96 % í de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(18) Tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur go mór leis an aistriú digiteach. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú digiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe 27,47 % go 26,96 % i gcomparáid le measúnú leasaithe an 13 Samhain 2025.

(19) Bhí an laghdú ina thoradh ar an ísliú ar leibhéal uaillmhéine birt amháin, mar atá infheistíocht I-2.10 'Ardán réigiúnach maidir le malartú sonraí réigiúnacha'.

*Measúnú dearfach*

(20) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(21) Is é EUR 5 265 406 908 costas iomlán mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Beilge. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Bheilg, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Beilge, ba cheart gurb é EUR 5 033 950 235 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Bheilg.

***Iasachtaí***

(22) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a chuirtear ar fáil don Bheilg, ar tacaíocht í dar luach EUR 230 100 000.

(23) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

(24) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Beilge ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

[10] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Beilge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*